Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



# PLEAN STRAITÉISEACH OIDHREACHTA CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH 2024-2029




Fótagraf © Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Gníomhú Ar Son Na hAeráide Agus An Plean Straitéiseach Oidhreachta | 5 |
| Réamhrá | 9 |
| Fúinn | 11 |
| Comhthéacs Beartais | 15 |
| Ár Luachanna | 21 |
| Ár Spriocanna Straitéiseacha | 25 |
| Cur I Bhfeidhm | 51 |
| Aguisíní | 55 |


Léaráid an chlúdaigh le Paul Bokslag spreagtha ag People's Island (1988 - 2017) le Rachel Joynt. Atáirgthe le caoinchead an ealaíontóra.

# GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS AN PLEAN STRAITÉISEACH OIDHREACHTA



Fótagraf © Ripley Photography.

Déanfar an plean seo a sheachadadh i gcomhthéacs éigeandálaí leanúnacha domhanda an Athraithe Aeráide agus na Bithéagsúlachta. Is téamaí athfhillteacha iad tionchair an Athraithe Aeráide agus an gá atá le Gníomhú ar son na hAeráide le linn an taighde agus an chomhairliúcháin ar fad a bhí mar chuid de tháirgeadh an Phlean Straitéisigh Oidhreachta seo.

Is dhá phríomhréimse fócais iad tionchair an athraithe aeráide ar ár n-acmhainní oidhreachta a thuiscint agus tuiscint a fháil ar an méid is féidir lenár n-acmhainní oidhreachta a dhéanamh chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú ar fud na sé Sprioc Straitéiseacha go léir atá san áireamh sa Phlean.


Beidh ar gach tionscadal a sheachadfar faoin bPlean tionchar aeráide agus inbhuanaitheacht a mheas mar chuid dá ndearadh.

**Tabharfar faoi thionscadail a sheachadfar faoin bPlean de réir:**

- Plean Gníomhaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Athrú Aeráide 2024–2029. Táirgthe mar chuid de fhreagairt chomhoibritheach ar thionchair an athraithe aeráide ag gach ceann de na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath. Tá raon gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide seo thar chúig phríomhréimse - Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Athléimneacht Tuilte, Réitigh Dúlrabhunaithe agus Bainistíocht Acmhainní. Críochnófar gníomhartha E37 agus E38 faoi choimirce an Phlean Straitéisigh Oidhreachta. Is doiciméad beo é an plean aeráide, agus anois agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag dul isteach sa Mhisean do 100 Cathair Aeráid-Neodrach Cliste, beidh deis ann gníomhartha atá bunaithe ar ár n-acmhainní oidhreachta a iniúchadh/a bhreithniú/a chur i bhfeidhm.
- An Plean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide don Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta Foilsíodh é seo in 2019 faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe. Tá sé mar aidhm aige acmhainn oiriúnaitheach taobh istigh den earnáil a neartú, leochaileacht na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta don athrú aeráide a laghdú agus na deiseanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann don earnáil a aithint agus leas a bhaint astu.
- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Gealltar leis seo go ndéanfaidh an Rialtas geilleagar na hÉireann a athrú ina gheilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi dheireadh 2050. Tá iarmhairtí forleathana i gceist aige dúinn go léir.



Fótagraf © Ripley Photography.



Exact Survey of Dublin, a d'fhoilsigh John Rocque sa bhliain 1756. Le caoinchead Leabharlann agus Chartlann Chathair Bhaile Átha Cliath.

# RÉAMHRÁ

Tá áthas orm Plean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 – 2029 a chur i láthair, plean a thógann ar an iliomad tionscnaimh rathúla agus cheannródaíocha ó Phleananna Oidhreachta Bhaile Átha Cliath roimhe seo le trí bliana is fiche anuas.

Tá clú agus cáil ar Bhaile Átha Cliath mar gheall ar a oidhreacht chultúrtha bhríomhar ilchineálach, ina measc a láithreáin seandálaíochta, a shéadchomharthaí stairiúla, na foirgnimh phoiblí ón 18ú agus ón 19ú haois, agus na sráideanna agus cearnóga gleoite. Neartaíonn sráidbhailte uirbeacha agus bruachbhailte stairiúla na cathrach é tuilleadh. Chomh tábhachtach céanna tá sócmhainní cultúrtha doláimhsithe Bhaile Átha Cliath, amhail a oidhreacht liteartha, éagsúlacht teanga, nósanna sóisialta, agus scileanna traidisiúnta. Ní hamháin go gceanglaíonn na gnéithe sin d'oidhreacht chultúrtha thógtha agus dholáimhsithe Bhaile Átha Cliath muid lenár stair, ach déanann ár n-am i láthair agus ár dtodhchaí a mhúnlú freisin, rud a chuireann le mórtas láidir ceantair. Daingníonn an oidhreacht sin sa stair muid, rud a thugann féiniúlacht uathúil don chathair a leanann ar aghaidh ag forbairt de réir mar a chuimsíonn sí traidisiúin agus luachanna na bpobal fadbhunaithe agus na bpobal níos nuaí araon.


Sna cúig bliana amach romhainn, cuirfidh cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh Oidhreachta seo tionscadail nua spreagúla i gcrích a neartóidh ár dtuiscint ar oidhreacht Bhaile Átha Cliath agus a chothóidh rannpháirtíocht níos mó sa phobal. Forbrófar na tionscnaimh sin i gcomhar le Rannóga éagsúla de chuid na Comhairle Cathrach, go háirithe na rannóga Seandálaíochta agus Caomhnaithe laistigh den Roinn Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, chomh maith le príomheagraíochtaí oidhreachta comhpháirtíochta agus institiúidí acadúla.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'ionchuir shuntasacha na sainghrúpaí oibre a dhéanann ionadaíocht ar thrí cholún an phlean – an tSeandálaíocht, an Oidhreacht Thógtha, agus an Oidhreacht Chultúrtha – lena chuid spriocanna agus cuspóirí a mhúnlú. Tá an Chomhairle Oidhreachta ina comhpháirtí ríthábhachtach i gcur i bhfeidhm an phlean, agus táim ag tnúth lena tacaíocht leanúnach trína cuid oibre ríthábhachtaí agus trí chlár maoinithe bliantúil an Phlean Oidhreachta Contae. Fáiltím freisin roimh an tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ó Chlár Éire Ildánach, a bheidh lárnach chun an plean seo a thabhairt chun críche.

Richard Shakespeare
Príomhfheidhmeannach

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



Eaglais na Tríonóide Naofa, Domhnach Míde.
Fótagraf © Paul Tierney Photography.

# FÚINN

## MAIDIR LEIS AN OIFIG OIDHREACHTA

Tugann Oifig Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath faoi raon leathan tionscadal atá dírithe ar ár dtuiscint agus ár meas ar oidhreacht chultúrtha shaibhir agus chasta Chathair Bhaile Átha Cliath a fheabhsú, bíodh an oidhreacht sin inláimhsithe nó doláimhsithe. Oibríonn sí lena chinntiú go gcosnaítear an oidhreacht le go mbaintear taitneamh inniu aisti agus amach anseo.

Tá an Oifig Oidhreachta bunaithe i Rannán Oidhreachta, Seandálaíochta & Caomhnaithe na Rannóga Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ag obair i gcomhar leis an Oifig Seandálaíochta, leis an Oifig Caomhantais Ailtireachta, le rannóga eile de chuid na Comhairle Cathrach agus le raon páirtithe leasmhara seachtracha, cuireann an Oifig Oidhreachta Plean Oidhreachta na Cathrach i bhfeidhm ar plean é a fhaigheann tacaíocht deontais gach bliain ón gComhairle Oidhreachta[1]. Tacóidh maoiniú breise ó Éire Ildánach, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus foinsí eile cabhrach deontais de réir mar a bheidh siad ar fáil, le cur i bhfeidhm an phlean.

1 Tugann an Chomhairle Oidhreachta páirtmhaoiniú don líonra de 31 oifigeach oidhreachta cathrach/contae in údaráis áitiúla ar fud na tíre. Is í fís na Comhairle Oidhreachta go mbainfear taitneamh as luach ár n-oidhreachta, go ndéanfar í a bhainistiú agus a chosaint as an méid a dhéanann sí dár bhféiniúlacht, dár bhfolláine agus dár dtodhchaí. Chun tuilleadh eolais a fháil ar obair na Comhairle Oidhreachta, téigh chuig https://www.heritagecouncil.ie/ga/

# MAIDIR LEIS AN PLEAN OIDHREACHTA

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 spriocanna agus tosaíochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le hoidhreacht sna cuig mbliana amach romhainn. Admhaíonn an plean go bhfuil go leor rannóga agus rannáin laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá rannpháirteach go gníomhach i mbainistiú agus léirmhíniú oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha na cathrach. Cé gur faoin Oifigeach Oidhreachta atá an Plean Straitéiseach Oidhreachta a chomhordú, is plean don chathair ar fad é seo.

Is iad na spriocanna agus na cuspóirí a shainaithnítear sa phlean ná torthaí comhairliúcháin fhairsing le gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí poiblí, ollscoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus grúpaí sainleasa; tá súil againn go léiríonn an plean a n-ábhair imní agus a mianta agus go mbeidh sé ina chatalaíoch do chomhpháirtíochtaí agus do chomhoibrithe amach anseo.

Thar aon rud eile, is plean é seo do na pobail áite agus spéise ar fud Bhaile Átha Cliath a thugann aire d'oidhreacht na cathrach agus a théann i ngleic léi ar bhonn laethúil ar go leor bealaí éagsúla; tá súil againn go dtugann an plean cumhacht do phobail na tionscadail oidhreachta atá tábhachtach dóibh a fhorbairt agus teagmháil níos iomláine a dhéanamh lena n-oidhreacht féin agus le hoidhreacht daoine eile araon.

# NA CINEÁLACHA TIONSCADAL A dTACAÍMID LEO



14 Sráid Henrietta.
Fótagraf © Paul Tierney Photography.

Tá doiciméad Buaicphointí Oidhreachta ag gabháil leis an bplean seo. Cuireann sé i láthair cuid den iliomad tionscadal a seachadadh faoin gcéad Phlean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath ó 2002. Ina measc seo tá: cruthú mhúsaem 14 Sráid Henrietta, atá faoi chomaoin ag Plean Caomhantais Shráid Henrietta a d'fhoilsigh an Chomhairle in 2006; an tionscadal taighde ceannródaíoch ailtireachta ón bhfichiú haois a foilsíodh i sraith trí imleabhar dar teideal More Than Concrete Blocks, a bhfoilseofar Iml.3 de in 2023; tionscadal GIS Seandálaíochta Chontae Bhaile Átha Cliath, a d'fhorbair rannáin Seandálaíochta agus Oidhreachta Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht le trí údarás áitiúla eile; agus raon leathan suirbhéanna oidhreachta ailtireachta, tionscadail taighde, acmhainní ar líne, tionscadail léirmhínithe, imeachtaí agus foilseacháin.

https://www.dublincity.ie/sites/default/files/2022-07/highlights-document-final.pdf

Tógann an Plean Straitéiseach Oidhreachta nua Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 ar infheistíocht shuntasach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in oidhreacht na cathrach ó 2002 i leith agus ar an mbonn eolais a bunaíodh thar fiche bliain de thionscadail phlean oidhreachta a chur i bhfeidhm. Ag teacht le tiomantas leanúnach na Comhairle d'infheistíocht a dhéanamh in oidhreacht na cathrach, ina héagsúlacht uile, glacann Plean Straitéiseach Oidhreachta nua Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 le sainchúram leathan - ag glacadh le hoidhreacht chultúrtha i ngach gné di; inláimhsithe, doláimhsithe agus digiteach. Go minic bíonn siad seo fite fuaite le chéile; d'fhéadfadh tionscadal a bheith dírithe ar fhoirgneamh nó áit (inláimhsithe), iniúchadh a dhéanamh ar stairsheanchais (doláimhsithe) a bhaineann leis an áit sin, agus a bheith mar chuid de bhunachar sonraí (digiteach) ar líne.

In aguisíní an phlean seo sainaithníodh raon leathan tionscadal féideartha le haghaidh tacaíochta nó cur i bhfeidhm. Cuid acu sin is ea leanúint de thionscadail sheanbhunaithe agus d'eascair cuid eile as na fóraim mheithle a tionóladh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.




# COMHTHÉACS BEARTAIS

Scríobhadh Plean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath (2024 - 2029) i gcomhthéacs na bpleananna agus na straitéisí reachtúla agus neamhreachtúla náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas, agus cairteacha agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta.

## BEARTAIS CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 - 2028 beartais agus cuspóirí le bheith mar threoir le conas agus cá háit a dhéanfar forbairt sa chathair thar shaolré an Phlean. Soláthraíonn sé creat spásúil comhtháite, comhleanúnach chun a chinntiú go bhforbraítear an chathair ionas go mbeidh sí tarraingteach chun cuairt a thabhairt uirthi agus le bheith ag obair inti. Bíodh is go bpléann caibidil 11 den phlean leis an Oidhreacht Thógtha agus leis an tSeandálaíocht, tá oidhreacht i gceist le go leor dá 16 chaibidil, lena n-áirítear Caibidil 3 (Gníomhú ar son na haeráide) Caibidil 6 (Geilleagar na cathrach agus fiontar), caibidil 7 (Lár na cathrach, sráidbhailte uirbeacha agus miondíol), caibidil 10 (Bonneagar glas agus caitheamh aimsire), agus caibidil 12 (Cultúr).

Tá cosaint, feabhsú agus múscailt feasachta ar oidhreacht nádúrtha i gcathair Bhaile Átha Cliath á dtreorú ag Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2021-2025, atá á sheachadadh ag an Oifigeach Bithéagsúlachta agus ag an rannán Seirbhísí Páirceanna, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha. Tá naisc shaibhre ann idir an oidhreacht nádúrtha agus an oidhreacht chultúrtha. Is féidir le foirgnimh stairiúla, láithreáin seandálaíochta agus séadchomharthaí tearmann a chur ar fáil agus a bheith ina ngnáthóga tábhachtacha don fhiadhúlra. Ar an gcaoi chéanna, beidh tionchar diúltach ag éifeachtaí an athraithe aeráide ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha araon agus beidh cur chuige comhpháirteach chun na rioscaí a bhaineann le tionchair den sórt sin a shainaithint chun tairbhe na hoidhreachta ar an iomlán. I rith shaolré an Phlean Straitéisigh Oidhreachta agus an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, cuirfear tionscadail chomhpháirteacha i bhfeidhm i réimsí tionchair an athraithe aeráide, ag múscailt feasachta, eolaíocht na saoránach agus oiriúnú don athrú aeráide trí fhoirgnimh don bhithéagsúlacht.

Ina theannta sin, tá na doiciméid seo a leanas ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina gcuid shuntasach den chreat ina gcuirfear Plean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 i bhfeidhm.

- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 2028
- Plean Corparáideach Chathair Bhaile Átha Cliath 2020 - 2024
- Straitéis Chultúir Chathair Bhaile Átha Cliath 2015 - 2021
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024 – 2029
- Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2018 -2022
- Clár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath (2021-2026)
- Plean Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath 2014-2018
- Beartas Bainistithe Bailiúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2022

# BEARTAIS NÁISIÚNTA

Is é Oidhreacht Éireann 2030 an plean oidhreachta náisiúnta. Foilsíodh é i mí Feabhra 2022 tar éis comhairliúchán agus rannpháirtíocht fhairsing ar fud na tíre. Cuireann sé creat ar fáil chun oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a bhainistiú as seo go ceann deich mbliana. Cuimsíonn Oidhreacht Éireann 2030 coincheap na hoidhreachta cultúrtha mar ghrúpa acmhainní a fuarthas le hoidhreacht ón am atá thart, agus éagsúlacht na hoidhreachta i sochaí ilchultúrtha na hÉireann. Aithníonn sé oidhreacht mar bhunchloch d'fhéiniúlacht na hÉireann, ag dearbhú cé chomh tábhachtach is atá oidhreacht do gach cuspóir de chuid an rialtais agus don tsochaí i gcoitinne chomh maith lena ról i bhfolláine an duine aonair agus na sochaí, forbairt eacnamaíoch, turasóireacht agus nuálaíocht.

Is é Tionscadal Éireann 2040 tionscnamh beartais uileghabhálach an Rialtais a bhfuil sé mar fhís aige '... bonneagar cuimsitheach sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha a sholáthar dár ndaoine go léir le go n-éireoidh leo...'. Cuid lárnach de Thionscadal Éireann 2040 is ea go mbeidh Éire 'ina háit ina bhfuil níos mó deiseanna againn taitneamh a bhaint as ár n-oidhreacht, ár dteanga agus ár dtírdhreach'. Ar cheann de 10 dtoradh straitéiseacha an tionscnaimh áirítear Conláiste agus Oidhreacht Fheabhsaithe ina mbreathnaítear ar oidhreacht chultúrtha mar chuid lárnach d'fhorbairt inbhuanaithe ár gcathracha, ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár gceantair tuaithe.

Leagtar amach in Oidhreacht i Lár Báire: Straitéis na Comhairle Oidhreachta 2018-2022 fís na Comhairle

Is í fís na Comhairle do 2018-2022 go mbeidh oidhreacht i gcroílár shochaí agus chinnteoireacht na hÉireann agus go n-aithneofar Éire go hidirnáisiúnta mar thír barr feabhais i mbainistíocht oidhreachta, caomhnú agus rannpháirtíocht an phobail.

Is Doiciméad Beartais Náisiúnta ar Ailtireacht é Áiteanna do Dhaoine: Beartas Náisiúnta na hÉireann um Ailtireacht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a foilsíodh le déanaí. Cruthaíonn ceithre phríomhchuspóir (Inbhuanaitheacht, Cáilíocht, Ceannaireacht agus Cultúr) fís go bhfágtar luach ar ailtireacht agus ar an timpeallacht thógtha as a róil i gcruthú pobal inbhuanaithe agus i gcothú cultúr na cruthaitheachta, atá fréamhaithe sa mheas ar éachtaí an ama a chuaigh thart.

# BEARTAIS IDIRNÁISIÚNTA

Tá na coinbhinsiúin agus na beartais idirnáisiúnta thíos mar bhonn dár gcur chuige maidir le tionscadail oidhreachta a sheachadadh:

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (Nua-Eabhrac, 2015). Go háirithe, SFI11: Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe.
- Coinbhinsiún ar Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Faro, 2005)
- Coinbhinsiún UNECE maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, le Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta agus le Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil (Aarhus, 1998)
- Coinbhinsiún chun Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa a Chosaint (Granada, 1985)
- Cairt ICOMOS na hAstráile um Áiteanna a bhfuil Tábhacht Chultúrtha acu (Burra, 1979)
- Cairt ICOMOS na Veinéise ar Chaomhnú agus Athchóiriú Séadchomharthaí agus Láithreáin (An Veinéis, 1964)
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Vaileite, 1992)
- Coinbhinsiún UNESCO maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Faoi Uisce (Páras, 2001)




- Comhphrionsabail ICOMOS-TiCCIH maidir le Láithreáin Oidhreachta Tionscail, Limistéir Struchtúir agus Tírdhreacha a Chaomhnú (Prionsabail Bhaile Átha Cliath, 2011)
- Prionsabail Cháilíochta Eorpacha ICOMOS maidir le hIdirghabhálacha arna maoiniú ag AE a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Oidhreacht Chultúrtha (Eagrán athbhreithnithe, Samhain 2020)
- Cairt ICOMOS um Léirmhíniú agus Cur i Láthair ar Shuíomhanna Oidhreachta Cultúrtha (Québec, 2008)
- Cairt ICOMOS um Bhealaí Cultúrtha (Québec, 2008)
- Cairt Turasóireachta Cultúrtha Idirnáisiúnta ICOMOS: Turasóireacht a Bhainistiú ag Áiteanna a bhfuil Tábhacht Oidhreachta Leo (Meicsiceo, 1999)
- Cairt ICOMOS maidir le Cosaint agus Bainistiú na hOidhreachta Cultúrtha Faoi Uisce (Sóifia, 1996)
- Cairt ICOMOS (ICAHM) um Chosaint agus Bainistiú na hOidhreachta Seandálaíochta (Lausanne, 1990)
- Cairt ICOMOS um Bailte Stairiúla agus Limistéir Uirbeacha a Chaomhnú (Washington, 1987)
- Prionsabail Cháilíochta Eorpacha maidir le hIdirghabhálacha arna maoiniú ag AE a bhFéadfadh Tionchar a bheith acu ar Oidhreacht Chultúrtha (ICOMOS, 2019)
- UNESCO An Coinbhinsiúin maidir le Slánchumdaithe um Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe (Páras, 2003)



Fótagraf © Ripley Photography.

# ÁR LUACHANNA

Beidh na treoirphrionsabail seo mar bhonn agus taca ag an obair ar fad a dhéantar faoin bPlean Straitéiseach Oidhreachta seo.



Fótagraf © Brian Cregan Photography.

## 1. ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

**Aithnímid go bhfuil sé de cheart ag gach duine go léirítear meas ar a n-oidhreacht chultúrtha féin agus go bhfuil sé de fhreagracht ar gach duine meas a bheith acu ar oidhreacht chultúrtha daoine eile.**

## 2. COMHOIBRIÚ CRUTHAITHEACH

**Creidimid i luach an chomhoibrithe chruthaithigh; ag obair le comhpháirtithe taobh istigh agus amuigh den earnáil oidhreachta chun bealaí nua a fhorbairt chun téamaí oidhreachta a iniúchadh.**

## 3. DEA-CHLEACHTAS A CHUR CHUN CINN

**Tacaímid agus spreagaimid cur i bhfeidhm an dea-chleachtais agus forbairt na treorach dea-chleachtais thar gach disciplín oidhreachta.**

## 4. SAINMHÍNIÚ NÍOS LEITHNE AR AN OIDHREACHT (CUR CHUIGE IOMLÁNAÍOCH)

**Tugaimid aitheantas don tábhacht a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha a aithint sa chiall is leithne - inláimhsithe, doláimhsithe agus digiteach - agus molaimid cur chuige iomlánaíoch i leith tionscadal oidhreachta.**



Fótagraf © Derek Speirs, atáirgthe le caoinchead Ionad Pavee Point do Thaistealaithe agus na Romaigh.



Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Alison Gilliland agus Malcolm Noonan, an tAire Stáit le freagracht as Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin, ag Deireadh Seachtaine Tógála Scileanna – Oidhreacht Chathair Bhaile Átha Cliath 2022, Cearnóg Mhuirfean. Fótagraf © Damien Eagers Photography.

# ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Forbraíodh na Spriocanna Straitéiseacha agus na Cuspóirí a leanas as próiseas fada taighde agus comhairliúcháin. Cuireadh tús leis seo le hathbhreithniú ar obair a rinneadh faoi Phlean Oidhreachta 2002. Tar éis an athbhreithnithe sin, thionóil muid meithleacha do thrí réimse ábhair na Seandálaíochta, na hOidhreachta Tógtha agus na hOidhreachta Cultúrtha. Tháinig na meithleacha le chéile dhá uair an ceann ina n-aonar, agus uair amháin mar ghrúpa níos mó le chéile. Tháirg a bplé agus a n-anailís dírithe dréacht-chuspóirí straitéiseacha atá mar bhunús leis an bplean seo. Reáchtáladh ceardlanna rannpháirtíochta poiblí i gcúig cheantar ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath le linn Sheachtain Oidhreachta 2021. Tar éis torthaí an phróisis taighde agus comhairliúcháin a bheachtú, tá na sé phríomhsprioc straitéiseacha atá liostaithe thíos curtha le chéile againn. Déantar gach sprioc a mhiondealú tuilleadh i roinnt cuspóirí, faoina n-aithneofar agus faoina seachadfar tionscadail shonracha oidhreachta.

1. FAOI STIÚIR AN PHOBAIL AGUS DÍRITHE GO hÁITIÚIL
2. SPÁS A DHÉANAMH DO GHUTHANNA ÉAGSÚLA
3. EOLAS A CHRUTHÚ
4. ROCHTAIN AR OIDHREACHT
5. BAINISTÍOCHT OIDHREACHTA
6. OIDHREACHT A CHUR IN IÚL

# SPRIOC STRAITÉISEACH 1:

## FAOI STIÚIR AN PHOBAIL AGUS DÍRITHE GO hÁITIÚIL

### CÉN FÁTH AN SPRIOC SEO?

*Cad as ar tháinig sé seo? Cén riachtanas a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh air?*

'Níl aon duine ina chónaí i mBaile Átha Cliath, tá cónaí orthu ar Shráid Chorcaí, nó i mBaile Phib, nó sa Charnán...'

Is cathair í Baile Átha Cliath atá comhdhéanta de cheantair stairiúla agus nua-aimseartha, uirbeacha agus fo-uirbeacha. Bailiúchán de shráideanna agus eastáit atá ann, de lár-bailte, scoilcheantair agus siopaí áitiúla. Is iomaí pobal atá i mBaile Átha Cliath; pobail áite, pobail chreidimh, pobail chultúir, pobail teanga, agus pobail atá spéisiúil. Tá a líonra féin d'eagraíochtaí, tacaíochtaí agus asraonta sóisialta ag gach ceann de na pobail sin.

Is é is aidhm ag Plean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath é go leanann Baile Átha Cliath de bheith ina chathair bheoga de chomharsanachtaí agus pobail, agus go n-éascaítear do phobail na tionscadail oidhreachta a theastaíonn uathu a fheiceáil a mholadh agus a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ón Oifig Oidhreachta.

Ar leibhéal riaracháin, tá Cathair Bhaile Átha Cliath foroinnte i gcúig cheantar riaracháin nó Limistéir Áitiúla: An Lár, Lárthuaisceart, Lárdheisceart, Iarthuaisceart agus Oirdheisceart. Tá a Oifigí Ceantair féin agus bonneagar tacaithe ag an gComhairle ag gach ceann díobh seo.

Is é is aidhm ag Plean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath teagmháil éifeachtach a dhéanamh le líonraí pobail agus Comhairle atá ann cheana laistigh de na cúig cheantar áitiúla d'fhonn rochtain áitiúil a sholáthar ar sheirbhísí oidhreachta agus chun tionscadail oidhreachta a bhfuil fíor-thionchar áitiúil acu a sheachadadh.

Cathair ina bhfuil sraitheanna agus castacht is ea Baile Átha Cliath. Trí chur chuige faoi stiúir an phobail, atá dírithe go háitiúil ar thionscadail oidhreachta atá níos 'ón mbun aníos' in áit 'ón mbarr anuas' a chumasú, tá sé mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach Oidhreachta seo aitheantas a thabhairt don chastacht sin.



### CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

*Cuspóirí a thabharfaidh an sprioc chun cinn.*

1. 1.Tacar uirlisí a tháirgeadh chun tionscadail oidhreachta áitiúla a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le hoifigí ceantair, lena n-áirítear faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar acmhainní atá á dtáirgeadh ag an gcomhairle agus ar ábhair léirmhínitheacha atá ann cheana féin.
2. 2.A bheith ag tacú le rannpháirtíocht oidhreachta agus teagmháil léi trí phleananna oidhreachta áitiúla faoi stiúir an phobail a fhorbairt, a chomhchruthaítear agus a chuirtear i bhfeidhm le grúpaí pobail áitiúla agus a dtacaíonn an Chomhairle Cathrach leo.
3. 3.Scéim deontais oidhreachta áitiúil bhliantúil a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí oidhreachta cultúrtha a shainaithnítear i bpleananna oidhreachta áitiúla.
4. 4.Tacú le tionscadail faoi stiúir an phobail (ó phobail de réir suímh agus spéise) agus oibriú i gcomhar le heagraíochtaí pobail atá ann cheana féin, ag tógáil ar an obair thábhachtach atá ar siúl acu cheana féin agus a bheith ag foghlaim uaithi.
5. 5.A bheith ag tacú le tionscadail agus le himeachtaí forbartha acmhainní laistigh de phobail de réir suímh agus pobail spéise, agus comhroinnt eolais agus taithí idir pobail a éascú.




Tochailt Seandálaíocht Pobail San Anna. Obair ealaíne © Paul Bokslag.

**TORTHAÍ**
*Tomhais maidir le rathúlacht*

- Cuirtear Pleananna Píolótacha Oidhreachta Ceantair Áitiúil i bhfeidhm i ngach ceann de na cúig Limistéar Údaráis Áitiúil.
- Tá scéim deontais oidhreachta áitiúil bhliantúil i bhfeidhm, atá dírithe ar ghníomhartha oidhreachta neamh-chaipitil ar scála beag a mhaoiniú laistigh de phobail áitiúla.
- Cuirtear na huirlisí ar fáil do ghrúpaí pobail, grúpaí staidéir, rannpháirtithe tionscadail oidhreachta agus páirtithe leasmhara eile chun a bpleananna oidhreachta áitiúla féin a fhorbairt, ag baint úsáide as próisis rannpháirtíochta faoi stiúir an phobail.
- Tugtar tacaíocht do phobail chun tionscadail oidhreachta a fhorbairt agus a stiúradh ina gceantar féin.
- Tugtar tacaíocht agus spreagadh do phobail a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí oidhreachta tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha.
- Tá rannpháirtíocht mhéadaithe ag grúpaí pobail atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus ag coimeádaithe suíomhanna oidhreachta i scéimeanna oidhreachta pobail náisiúnta.
- Cruthaíonn rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail le hoidhreacht níos mó folláine pobail.
- Tá naisc i bhfeidhm le hÉire Ildánach agus le heagraíochtaí maoinithe ealaíon-bhunaithe, laistigh agus lasmuigh den Chomhairle, chun cur chuige cruthaitheach a spreagadh i leith tionscadail oidhreachta faoi stiúir an phobail.



Tochailt Seandálaíochta Pobail San Anna Fótagraf © Archaeology and Built Heritage Ltd.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## SPÁS A DHÉANAMH DO GHUTHANNA ÉAGSÚLA

### CÉN FÁTH AN SPRIOC SEO?

*Cad as ar tháinig sé seo? Cén riachtanas a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh air?*

Is cathair í Baile Átha Cliath ina bhfuil go leor glórtha agus ina bhfuil go leor scéalta. Go stairiúil, tugadh cluas éisteachta níos do chuid de na glórtha sin agus cuid de na scéalta sin níos mó ná cinn eile. Féachann an plean straitéiseach seo le dul i ngleic leis an éagothroime sin trí spás a thabhairt d'éagsúlacht glórtha i bhfad níos leithne laistigh de chomhráite faoi oidhreacht Bhaile Átha Cliath, agus trí scéalta ar leith a bhfuil glacadh leo a cheistiú - seanscéalta a fheiceáil ó dhearcthaí nua, agus scéalta nua nár insíodh fós a lorg.

Ar go leor bealaí is ionann stair Bhaile Átha Cliath agus stair na himirce isteach. Ó na lonnaitheoirí is luaithe, a fhad leis na Lochlannaigh, na Normannaigh, trí thréimhse riail na Breataine, go dtí daoine a tháinig isteach níos déanaí, tá muintir Bhaile Átha Cliath tar éis rabhartaí leathnaithe agus athraithe leanúnacha a fheiceáil. Gach ceann de na rabhartaí sin a thugann teangacha, cultúir agus oidhreacht nua leo, idir inláimhsithe agus doláimhsithe, is mar chuid d'oidhreacht Bhaile Átha Cliath ina hiomláine anois iad.

Tugann an sprioc seo aitheantas go háirithe do phrionsabail Choinbhinsiún 'Faro' maidir le luach na hoidhreachta cultúrtha don tsochaí - eadhon, ceart bunúsach gach duine go n-urramófaí a n-oidhreacht chultúrtha agus an fhreagracht bhunúsach atá ar gach duine meas a léiriú ar oidhreacht chultúrtha daoine eile. Agus ag glacadh leis go bhféadfadh gnéithe den oidhreacht a bheith luachmhar do dhaoine éagsúla agus do ghrúpaí éagsúla daoine ar chúiseanna éagsúla.

### CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

*Cuspóirí a thabharfaidh an sprioc chun cinn.*

1. Tionscadail oidhreachta téamacha agus ildisciplíneacha a fhorbairt, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe mar chuid lárnach. A bheith ag tacú le tionscadail théamacha ina ndéantar iniúchadh ar choincheapa agus ar chleachtais atá coitianta do gach traidisiún.
2. A bheith ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun tacú le tionscadail oidhreachta faoi stiúir an phobail ó phobail atá imeallaithe go stairiúil.
3. A bheith ag tacú le tionscadail a fhéachann ar acmhainní oidhreachta atá ann cheana i bhfianaise nua nó ó pheirspictíocht nach ndearnadh iniúchadh air roimhe seo. Tionscadail a cheadú a thugann dúshlán do na scéalta oidhreachta atá ann cheana féin.
4. A bheith ag tacú le tionscadail a dhéanann iniúchadh ar oidhreacht pobal spéise agus gníomhaíochta pobalbhunaithe.
5. Tionscadail tacaíochta a dhéanann iniúchadh ar stair fhada na inimirce isteach go Baile Átha Cliath, na heisimirce amach uaithi agus laistigh de Bhaile Átha Cliath.



Fótagraf © Barry Cronin Photography.

**TORTHAÍ**
*Tomhais maidir le rathúlacht*

- Tá raon na dtionscadal a dtacaítear leo faoin bplean oidhreachta leathnaithe chun oidhreacht phobail éagsúla Bhaile Átha Cliath, idir phobail stairiúla agus phobail reatha, a chur san áireamh.
- Tá roinnt tionscadal téamach a bhainistítear go cúramach - ag iniúchadh buntéamaí daonna a sháraíonn ré nó cúlra, amhail cultúr bia, deasghnáth, adhlacadh srl. - tosaithe.
- Léirítear oidhreacht grúpaí atá imeallaithe go stairiúil i measc na dtionscadal a tháirgtear faoi shainchúram an Phlean Straitéisigh Oidhreachta.
- Léirítear oidhreacht na bpobal spéise i measc na dtionscadal a tháirgtear faoi shainchúram an Phlean Straitéisigh Oidhreachta.
- Aithnítear an stair bhéil agus oidhreacht dholáimhsithe mar chuid lárnach d'oidhreacht Bhaile Átha Cliath.
- Tugtar tacaíocht do thionscadail a dhéanann iniúchadh ar stair oidhreachta ailtireachta atá bunaithe ar cheardaíocht agus ar shaothar, seachas stair an ailtire agus an phátrúin.
- Tugtar tacaíocht do thionscadail a fhiosraíonn caidreamh Bhaile Átha Cliath leis an gcoilíneachas.
- Tugtar tacaíocht do thionscadail a dhéanann iniúchadh ar ghníomhaíochas pobalbhunaithe agus ar oidhreacht spásanna pobail.
- Aithnítear deiseanna intéirneachta agus oiliúna laistigh d'eagraíochtaí comhpháirtíochta.



Grianghraf © Derek Speirs, athghinte le caoinchead ó Pavee Point Traveller and Roma Centre.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 3:

## EOLAS A CHRUTHÚ

### CÉN FÁTH AN SPRIOC SEO?

*Cad as ar tháinig sé seo? Cén riachtanas a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh air*

Chomh luath leis an ré Mhéisiliteach (7,500-4,500BC) bhí Baile Átha Cliath ina lárionad gníomhaíochta daonna. Port Lochlannach a bhí ann a raibh tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis, an chéad bhaile in Éirinn, cathair mhúrtha mheánaoiseach, príomhchathair choilíneach agus cliabhán an stáit Éireannaigh nua-aimseartha. Léiríonn Baile Átha Cliath mórathruithe sóisialta an fichiú haois agus an aonú haois is fiche agus is príomhchathair mhór Eorpach í Baile Átha Cliath sa lá atá inniu ann; cathair ina bhfuil pobail, teangacha agus scéalta go leor inti. Tá go leor eolais againn cheana féin faoi oidhreacht Bhaile Átha Cliath; agus tá go leor le fáil amach againn ar fad.

I gcásanna áirithe - i réimse na seandálaíochta, cuir i gcás - tá cuid mhór sonraí taighde ann, nár eagraíodh, nár cuireadh ar fáil, nó an dá rud. I gcásanna eile - i mórán réimsí na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe, mar shampla, nó maidir le hoidhreachtaí na bpobal inimirceach i mBaile Átha Cliath a thuiscint - níl mórán sonraí ann. I réimse na hoidhreachta ailtireachta a bhfuil taighde sách maith déanta air, tá réimsí ábhair nach bhfuil iniúchadh iomlán déanta orthu fós.

Is é is aidhm ag Straitéis nua Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath an méid atá ar eolas againn cheana féin a neartú tríd an bhfaisnéis atá ann cheana féin a eagrú, í a mheas agus í a dhéanamh inrochtana don oiread daoine agus is féidir; tá sé mar aidhm aici cur leis an eolas atá againn cheana féin trí thaighde nua a choimisiúnú; agus tá sé mar aidhm aici rannpháirtíocht an phobail a leathnú maidir le heolas oidhreachta a ghiniúint agus a iniúchadh.

### CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

*Cuspóirí a thabharfaidh an sprioc chun cinn.*


1. Tógáil ar rath an phlean oidhreachta roimhe seo chun tionscadail taighde oidhreachta tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha atá ann cheana a chur chun cinn agus le tionscadail nua a aithint.


2. Leanúint ar aghaidh ag aithint agus ag bailiú sonraí oidhreachta bunlíne tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha (taighde bunúsach, suirbhéanna téamacha agus tuarascálacha) agus na sonraí seo a chartlannú de réir na treorach dea-chleachtais.

3. A bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe straitéiseacha: chun athbhreithnithe a dhéanamh ar shonraí agus ar thaighde atá ann cheana, chun bearnaí agus téamaí atá ag teacht chun cinn a aithint; straitéisí taighde a chur i bhfeidhm do réimsí ábhair aonair; agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe do thaighde tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha atá dírithe ar oidhreacht, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4. Tacú le tionscadail agus iad a fhorbairt chun stair béil, cuimhne shóisialta agus déantáin phearsanta nó teaghlaigh a bhailiú.

5. Tacú le tionscadail agus tionscadail a fhorbairt a léiríonn an t-ionchur is féidir le hoidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha a dhéanamh maidir le hinbhuanaitheacht, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide.




## TORTHAÍ
*Tomhais maidir le rathúlacht*


- Tá dul chun cinn agus leathnú á ndéanamh ar thionscadail taighde atá ar siúl faoi láthair, mar shampla Built to Last, the 20th Century Architecture Project, Dublin City Industrial Heritage Record agus Places of Worship.
- Déantar tacar sonraí GIS Seandálaíochta Chontae Bhaile Átha Cliath á nuashonrú ar bhonn 5 bliana ar fad, i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath, leis an gComhairle Oidhreachta, le hArd-Mhúsaem na hÉireann, agus le hInstitiúid Seandálaithe na hÉireann.
- Príomhthochailtí stairiúla i gCathair Bhaile Átha Cliath tuairiscithe go hiomlán.
- Sonraí seandálaíochta comhshaoil coinnithe agus curtha i gcartlann.
- Aithníodh spéiseanna taighde nua, bunaithe ar chomhoibriú fiúntach pobail.
- Tá straitéisí taighde i bhfeidhm do réimsí ábhair ardtaighde.
- Cuireadh tús le hobair le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhailiúcháin staire béil atá ann cheana, bearnaí a aithint, bailiúcháin nua a fhorbairt agus iad siúd a dhéanamh inrochtana.












Montáis d'fhótagraif d'Ailtireacht ón bhFichiú hAois i bhFótagrafaíocht de chuid Thionscadal Taighde Chathair Bhaile Átha Cliath © Paul Tierney Photography.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 4:

## ROCHTAIN AR OIDHREACHT

### CÉN FÁTH AN SPRIOC SEO?

*Cad as ar tháinig sé seo? Cén riachtanas a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh air?*

Tháinig rochtain níos fearr ar oidhreacht chun cinn mar théama láidir ón bpróiseas comhairliúcháin don Phlean Straitéiseach Oidhreachta seo. Bhí sé seo dírithe ar thrí choincheap rochtana ar leith:

a. Rochtain uilíoch - go gcaithfidh áiteanna oidhreachta agus acmhainní oidhreachta a bheith inrochtana go hiomlán d'úsáideoirí ar gach aois agus ar gach cumas.

b. Rochtain ar shonraí oidhreachta - nach mór na sonraí oidhreachta a tháirgtear trí úsáid a bhaint as cistí poiblí a chur ar fáil saor in aisce agus go poiblí.

c. Bacainní sóisialta, cultúrtha agus teanga ar rochtain - go gcaithfear prionsabail an daonlathais chultúrtha agus na rannpháirtíochta a leabú i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm gach tionscadail oidhreachta agus ag gach eagraíocht oidhreachta.

Tá sé de cheart ag gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis chomhshaoil atá i seilbh údaráis phoiblí agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht chomhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus, 1998) agus tá sé de cheart ag gach duine leas a bhaint as oidhreacht chultúrtha, cur leis an oidhreacht chultúrtha agus go léirítear meas ar a n-oidhreacht chultúrtha féin (Coinbhinsiún Faro, 2005). Féachann Straitéis Oidhreachta nua Chathair Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go léiríonn gach tionscadal a chuirtear i gcrích faoina sainchúram na cearta sin.

Is sprioc de chuid Straitéis Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath é go mbeadh rochtain ar oidhreacht Bhaile Átha Cliath éasca agus saor ó bhacainní do gach duine.

### CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

*Cuspóirí a thabharfaidh an sprioc chun cinn.*

1. Tógáil ar thionscadail a cuireadh i bhfeidhm faoin bPlean Oidhreachta roimhe seo chun leanúint de shonraí oidhreachta a chur ar fáil mar acmhainn ar líne. A bheith ag obair le hardáin gheospásúla reatha agus nua de réir mar is gá chun sonraí oidhreachta foilsithe agus neamhfhoilsithe a mhapáil.

2. A chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar rochtain agus ar shaincheisteanna a bhaineann le rochtain i ngach tionscadal oidhreachta tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha a dhéantar faoi shainchúram an Phlean Straitéisigh Oidhreachta.

3. A bheith ag comhoibriú le grúpaí agus le daoine aonair a raibh bacainní orthu teacht ar oidhreacht nó í a cheiliúradh chun slite a aithint inar féidir rochtain fheabhsaithe a bhaint amach. A bheith i mbun oibre le grúpaí agus le daoine aonair chun deiseanna agus tacaíochtaí saincheaptha a fhorbairt.

4. Tionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt agus tacú leo a bhfuil meas acu ar oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe agus a ghlacann léi, lena n-áirítear oidhreacht na gcleachtas beo.



Fótagraf © Peter Maybury.

**TORTHAÍ**
*Tomhais maidir le rathúlacht*

- Tá ardán léarscáilbhunaithe ar líne i bhfeidhm, a thugann rochtain ar shonraí oidhreachta Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfadh sé seo a bheith bunaithe ar acmhainn ar líne atá ann cheana, mar shampla heritagemaps.ie.
- Déantar ábhar foilsithe nach bhfuil ar fáil ach i bhformáid chruachóipe faoi láthair a athfhoilsiú i bhfoirm níos inrochtana agus a chur ar fáil ar líne.
- Cuirtear tionscnaimh for-rochtana ar fáil do dhaoine agus do ghrúpaí a raibh bacainní acu ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oidhreachta cultúrtha príomhshrutha nó oifigiúla.
- Cuirtear ceardlanna oiliúna ar fáil do dhaoine agus do ghrúpaí ar mian leo uirlisí an taighde staire áitiúil agus an taighde oidhreachta áitiúla a fhoghlaim.
- Bunaítear clár intéirneachta píolótach ar théamaí na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe agus oidhreacht na gcleachtas beo i gcomhar le príomhpháirtithe eagraíochtúla.



Teach folctha, Balla an Bhulla Thuaidh Fótagraf © Paul Tierney Photography.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 5:

## BAINISTÍOCHT OIDHREACHTA

### CÉN FÁTH AN SPRIOC SEO?

*Cad as ar tháinig sé seo? Cén riachtanas a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh air?*

Feicthe ina iomláine - mar thoradh ar áitiú agus athrú leanúnach thar na mílte bliain - d'fhéadfaí Baile Átha Cliath a mheas mar an séadchomhartha is mó atá againn ar oileán na hÉireann. Mar is amhlaidh le séadchomhartha stairiúil ar bith, tá bainistíocht chúramach agus aireach ag teastáil uaidh.

Is acmhainn síorathraitheach í oidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath atá ag teacht chun cinn i gcónaí. Tá an Plean Straitéiseach Oidhreachta tiomanta do chur chuige tírdhreach uirbeach stairiúil na cathrach ar fad a spreagadh maidir le bainistiú oidhreachta - nach meastar gur bailiúchán de láithreáin oidhreachta aonair í an chathair, ach mar thimpeallacht dhaonna ina hiomláine, lena gnéithe inláimhsithe agus doláimhsithe ar fad.

Is féidir bainistíocht straitéiseach chaomhnaithe ar láithreáin agus limistéir oidhreachta cultúrtha leochaileacha laistigh den timpeallacht sin a bhaint amach tríd an bPlean Caomhantais agus trí phróiseas an Phlean Bainistíochta Caomhantais. Is próisis luach-dhírithe iad seo a thugann na páirtithe leasmhara go léir le chéile le suntasacht láithreáin nó limistéir a aithint, rioscaí don tábhacht sin agus chun beartais a chomhaontú lena gcur i bhfeidhm le himeacht ama a dhéanann an t-athrú a bhainistiú agus a thugann cosaint don suntasacht.

Trí Phlean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2002+ tá Pleananna Caomhantais ullmhaithe ag an gComhairle Cathrach go dtí seo do Mhúrtha agus Cóir Chosanta na Cathrach, Sráid Henrietta, Naomh Lúcás an Choim, dréachtphlean do stáisiún cumhachta Theach Pigeon, agus straitéis chaomhnaithe do na Baoiseanna i bPáirc San Anna. Bhí na pleananna sin, dá réir sin, mar bhunús le go leor tionscadal eile atá dírithe ar an oidhreacht, a forbraíodh mar thoradh ar bheartais aonair maidir le plean caomhantais a chur i bhfeidhm.

Tá Straitéis nua Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta do chur i bhfeidhm agus d'athbhreithniú leanúnach na bpleananna reatha seo - trí ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí, oibreacha nua taighde agus caomhnaithe a dhéanamh - agus do láithreáin nó struchtúir nua a shainaithint a rachadh próiseas an phlean caomhantais chun tairbhe dóibh.

### CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

*Cuspóirí a thabharfaidh an sprioc chun cinn.*

1. Dea-chleachtas a chur chun cinn in oidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha i gCathair Bhaile Átha Cliath, trí threoir, agus trí thionscnaimh oiliúna creidiúnaithe FGL.
2. Leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú acmhainní agus cur i bhfeidhm leanúnach na bpleananna (bainistíochta) caomhantais atá ann cheana féin agus maoiniú a chur i bhfeidhm chun pleananna nua a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm d'áiteanna agus do láithreáin oidhreachta tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha i gCathair Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den chuspóir sin:
    a. Spreagadh a thabhairt do na hearnálacha príobháideacha agus pobail araon úsáid a bhaint as próiseas an phlean (bainistíochta) caomhantais d'áiteanna agus do láithreáin nach bhfuil faoi úinéireacht stáit.
    b. Áiteanna nó tíopeolaíochtaí tógála a bhfuil spéis nó leochaileacht ar leith ag baint leo i gCathair Bhaile Átha Cliath a aithint agus a thaifeadadh, faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon, a rachadh próiseas an phlean caomhantais chun tairbhe dóibh.
3. Bagairtí ar oidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath a aithint mar thoradh ar athrú aeráide agus mar thoradh ar bhearta oiriúnaithe aeráide. Treoir a chur ar fáil maidir le bainistiú acmhainní oidhreachta leochaileacha agus comhairle maidir le bearta maolaithe cuí.
4. Rannpháirtíocht grúpaí pobail a spreagadh maidir le hoidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath a bhainistiú go gníomhach, lena n-áirítear rannpháirtíocht i scéimeanna oidhreachta pobail náisiúnta.

## TORTHAÍ

*Tomhais maidir le rathúlacht*

- Tá pleananna (bainistíochta) caomhantais reatha curtha i bhfeidhm go hiomlán agus tá pleananna nua fós á gcur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ag páirtithe eile.
- Is é próiseas an phlean (bainistíochta) caomhantais an bonn a nglactar leis chun áiteanna agus láithreáin oidhreachta a bhainistiú i gCathair Bhaile Átha Cliath - bíodh siad seo faoi úinéireacht agus faoi chúram poiblí, príobháideach nó pobail.
- Cuirtear cuspóirí an Phlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide don Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta i bhfeidhm.
- Déantar cósta na cathrach agus limistéir talún míntírithe go stairiúil a mhapáil agus a dhoiciméadú agus tá beartais chuí i bhfeidhm chun athruithe a bhainistiú.



Fótagraf © Ripley Photography.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 6:

## OIDHREACHT A CHUR IN IÚL

### CÉN FÁTH AN SPRIOC SEO?

*Cad as ar tháinig sé seo? Cén riachtanas a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh air?*

Is acmhainn thar a bheith luachmhar í oidhreacht Bhaile Átha Cliath - agus tá an saibhreas eolais atá neartaithe ag na daoine agus na heagraíochtaí a dhéanann staidéar uirthi thar a bheith luachmhar freisin. Ionas go mbainfidh an oiread daoine agus is féidir tairbhe as an acmhainn sin, caithfear í a chur in iúl go héifeachtach.

Is éard is brí le hoidhreacht a chur in iúl ná a chinntiú gur féidir le gach duine ar mian leo a fháil amach conas rochtain a fháil ar shonraí oidhreachta agus ar thaighde oidhreachta, chomh maith le faisnéis faoi acmhainní oidhreachta, maoiniú agus bonneagar, go bhféadfaidís é sin a dhéanamh.

Is ionann oidhreacht a chur in iúl agus sonraí taighde a iompú ina bhfaisnéis - i bhfoirm foilseachán, acmhainní ar líne agus meán eile - ar féidir a úsáid chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí turasóireachta, eacnamaíocha, forbartha pobail agus oideachais.

Ciallaíonn oidhreacht a chur in iúl tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta gnéithe d'oidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn, lena n-áirítear tábhacht idirnáisiúnta sheandálaíocht Lochlannach Bhaile Átha Cliath.

Is ionann oidhreacht a chur in iúl agus a chinntiú go bhfuil obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa réimse oidhreachta (laistigh agus lasmuigh den Oifig Oidhreachta) agus obair an Phlean Straitéisigh Oidhreachta soiléir, infheicthe agus inrochtana do chách.




Fótagraf © Ripley Photography.

### CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

*Cuspóirí a thabharfaidh an sprioc chun cinn.*


1. Suíomh gréasáin tiomnaithe d'oidhreacht Bhaile Átha Cliath a fhorbairt chun rochtain a sholáthar ar fhaisnéis agus sonraí oidhreachta agus chun nuashonruithe a thabhairt ar obair Phlean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath.
2. Leanúint ar aghaidh ag scaipeadh eolais ar ardchaighdeán ar oidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath trí mhodhanna agus meáin éagsúla, lena n-áirítear taispeántais, paimfléid, foilseacháin, léachtaí agus oiliúint.
3. A bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun cineálacha cur chuige ardchaighdeáin a fhorbairt i leith léirmhíniú na hoidhreachta áitiúla agus náisiúnta tógtha, seandálaíochta agus cultúrtha, bunaithe ar thaighde fónta.
4. A bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun faisnéis a tháirgeadh agus a scaipeadh a leagann béim ar luach na hoidhreachta d'fhorbairt eacnamaíoch, d'fholláine shóisialta agus d'inbhuanaitheacht chomhshaoil.
5. A bheith ag tacú le forbairt agus léirmhíniú bailiúchán atá ionadaíoch d'oidhreacht ealaíne, thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath.

**TORTHAÍ**
*Tomhais maidir le rathúlacht*

- Tá foilseacháin nua curtha le chéile ar ábhair a bhaineann le hoidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúrtha Bhaile Átha Cliath.
- Tá clár bliantúil imeachtaí i bhfeidhm, i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha. Ina measc: sraith léachtaí, cúrsaí oiliúna, turais siúil, taispeántais agus meáin léirmhínithe eile.
- Tá imeacht - agus ábhair léirmhínithe - chun mílaois Ardeaglais Chríost a chomóradh in 2028 pleanáilte agus eagraithe i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha agus grúpaí pobail.
- Trí chumarsáid shoiléir eolasbhunaithe is féidir beartas oidhreachta éifeachtach a chur i bhfeidhm, thar raon eagraíochtaí.
- Tacaíonn cumarsáid shoiléir eolasbhunaithe le hobair grúpaí agus daoine aonair eile laistigh den Chomhairle.
- Tá ról na hoidhreachta i dtacú le turasóireacht chultúrtha aitheanta agus tá meas uirthi.
- Tugtar tacaíocht do bheartas bainistithe bailiúchán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus cuirtear chun cinn é.
- Tacaítear le rannpháirtíocht Bhaile Átha Cliath i mBealach Cultúrtha idirnáisiúnta na Lochlannach.
- Nuair is féidir, beidh scaipeadh oidhreachta ar fáil go dátheangach.



Fótagraf © Ripley Photography.



Bunléaráidí © Paul Bokslag.

# CUR I BHFEIDHM

Le linn phlé na meithle a bhí mar chuid de tháirgeadh an phlean seo, mheas na rannpháirtithe go láidir gur cheart go mbeadh an plean straitéiseach, gur cheart go gceadódh sé solúbthacht agus gur cheart go mbeadh go leor 'spás' laistigh de na cuspóirí chun torthaí gan choinne a cheadú. Léiríonn formáid an phlean reatha na díospóireachtaí sin.

D'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean a chur i bhfeidhm, ní mór gníomhartha a aithint as a n-eascraíonn tionscadail oidhreachta ar leith. Bainfear é seo amach trí Fhóram Oidhreachta agus Plean Gníomhaíochta Oidhreachta bliantúil, mar atá leagtha amach thíos. Tá sraith tionscadal oidhreachta féideartha curtha san áireamh sna haguisíní freisin.

# FÓRAM OIDHREACHTA DO CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Bunófar Fóram Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh Oidhreachta agus beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe poiblí na gCoistí um Beartas Straitéiseach Pleanála agus Ealaíon agus Cultúir, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu le taighde, bainistíocht agus cur chun cinn oidhreacht chultúrtha, seandálaíochta agus thógtha na cathrach.

# CUSPÓIRÍ A ATHRÚ INA nGNÍOMHARTHA

Is faoin Oifigeach Oidhreachta atá comhordú foriomlán an Phlean Straitéisigh Oidhreachta a chuirfidh an plean i bhfeidhm i ndlúthchomhar leis na Rannóga Seandálaíochta agus Caomhantais, chomh maith leis an Rannán Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha, Oifig Ealaíon, Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath agus comhpháirtithe agus comhoibrithe seachtracha. Bíodh is go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Plean Straitéiseach Oidhreachta a sheachadadh, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta agus le príomhpháirtithe eile, tacóidh sé le hobair eagraíochtaí eile i réimsí éagsúla d'oidhreacht chathair Bhaile Átha Cliath.



Fótagrafaíocht © Brian Cregan Photography.

# AMLÍNE AGUS PRÓISEAS


Comhaontófar Plean Gníomhaíochta Oidhreachta bliantúil gach bliain. Sainaithneoidh an Plean Gníomhaíochta Oidhreachta na tionscadail lena gcur i bhfeidhm an bhliain sin, agus aitheantas ann gur tionscadail ilbhliantúla atá i gceist le cuid de na tionscadail a thugann muid fúthu. Leagfaidh an plean amach frámaí ama do gach tionscadal agus buiséad bliantúil.

# TACAÍOCHT DEONTAIS

Faoi láthair, tá ceithre fhoinse rialta de mhaoiniú deontais bliantúil ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath.

- Scéim Deontais Phlean Oidhreachta an Chontae (An Chomhairle Oidhreachta)
- Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann (IWTN)
- Clár Éire Ildánach
- Ciste na Séadchomharthaí Pobail (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta)

Tá an tírdhreach maoinithe inathraithe. Seoltar scéimeanna nua agus tagann deireadh le scéimeanna atá ann cheana nó cuirtear scéimeanna nua ina n-ionad ag eatraimh. Chomh fada agus is féidir, déanfar tionscadail a phleanáil agus a sceidealú chun leas a bhaint as sruthanna maoinithe atá ann cheana, ach a bheith airdeallach i gcónaí maidir leis na féidearthachtaí a thairgeann aon fhoinsí maoinithe nua nó breise.



Dearadh póstaer © Paul Bokslag

# AGUISÍNÍ

1. TIONSCADAIL FHÉIDEARTHA
2. MODHEOLAÍOCHT LEIS AN bPLEAN SEO A CHUR LE CHÉILE
3. LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE

# 1. TIONSCADAIL PHLEAN STRAITÉISEACH OIDHREACHTA FÉIDEARTHA

| SEANDÁLAÍOCHT |
|---|
| Sainfhóram Seandálaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath a bhunú chun tábhacht idirnáisiúnta thaiscí seandálaíochta na cathrach a chur in iúl agus chun tacú le tionscadail seandálaíochta a chur i bhfeidhm sa Phlean Straitéiseach Oidhreachta. |
| Sonraí tochailte seandálaíochta do Bhaile Átha Cliath a shintéisiú agus a mhapáil go téamach le himeacht ama ag tosú le fianaise réamhstairiúil i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath agus na torthaí a fhoilsiú. |
| Le príomhpháirtithe leasmhara taifead láidir tochailte do Bhaile Átha Cliath a tháirgeadh - le béim ar shuíomhanna tábhachtacha neamhthuairiscithe sa chathair d'fhonn na sonraí seandálaíochta a aisghabháil, iad a aistriú go heolas agus é a dhéanamh inrochtana go poiblí. |
| Páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde trasnáisiúnta chun tábhacht idirnáisiúnta na Lochlannach i mBaile Átha Cliath a fhiosrú agus a chur in iúl. |
| Cláir a chur i bhfeidhm chun tábhacht idirnáisiúnta bhaile Lochlannach Bhaile Átha Cliath a chur in iúl go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. |
| Tacú le foilsiú monagraf tochailte seandálaíochta ar thochailtí chathair Bhaile Átha Cliath. |
| Athbhreithniú, nuashonrú agus rochtain phoiblí a dhéanamh ar The Archaeological Remains of Viking and Medieval Dublin: A Research Framework (2010) a dhéanamh inrochtana go poiblí chun limistéir de thaiscí seandálaíochta dea-chaomhnaithe a aithint agus a chosaint le go mbeidh cuimhne orthu agus chun luach intreach na seandálaíochta a chur chun cinn maidir le comhfhorbairt áite. |
| Iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht chun caomhnú fadtéarmach a dhéanamh ar éicidhéantáin ("ecofacts") a fhaightear i dtochailtí i gcathair Bhaile Átha Cliath chun críocha taighde amach anseo. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas seandálaíochta reatha laistigh den earnáil forbartha, agus an cleachtas seandálaíochta is fearr a shainiú agus a chomhaontú, agus treoirlínte a tháirgeadh maidir le tochailtí seandálaíochta i gcathair Bhaile Átha Cliath, chun gach sainréimse ábhartha a áireamh, lena n-áirítear seandálaíocht chomhshaoil. |
| Clár Seandálaíochta Pobail Pháirc San Anna a fhás agus a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Rannóg na Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha Páirceanna. |
| Taifead Oidhreachta Tionscail Chathair Bhaile Átha Cliath a leathnú agus a nuashonrú. |
| Sraith foilseachán um Oidhreacht Thionsclaíoch a fhorbairt bunaithe ar limistéir riaracháin Bhaile Átha Cliath. |
| Staidéar scóipe a dhéanamh do bhailiúchán seandálaíochta 'Músaem Bhaile Átha Cliath'. |
| Tacaíocht a thabhairt do mhílaois Ardeaglais Chríost in 2028. |
| A chinntiú go mbíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath páirteach in Destination Viking. |
| Plean Caomhantais, Múrtha agus Cóir Chosanta a athbhreithniú agus a nuashonrú. |

| |
|---|
| Córas monatóireachta, clár gnáthchothabhála, agus clár oibreacha caomhnaithe a chur i bhfeidhm do Bhallaí na Cathrach ag Sráid na gCaorach, Sráid na gCócairí agus Scabhat an Uain. |
| Sraith paimfléad oidhreachta de chomharsanachtaí fo-uirbeacha a choimisiúnú ag féachaint ar láithreáin seandálaíochta, fianaise seandálaíochta, agus stair mheánaoiseach na gceantar. |
| Suíomhanna a lorg go gníomhach le haghaidh iarratas ar Chiste na Séadchomharthaí Pobail agus ar an Scéim Uchtaigh Séadchomhartha. |
| Tionscadal GIS Seandálaíochta Chontae Bhaile Átha Cliath a nuashonrú in 2025. |
| **AILTIREACHT** |
| An Tionscadal Taighde um Ailtireacht an Fhichiú hAois i mBaile Átha Cliath a chríochnú; More Than Concrete Blocks Iml.III a fhoilsiú agus scaipeadh an taighde a leathnú chun lucht spéise níos leithne a bhaint amach (treoirleabhar digiteach agus/nó treoir fuaime ailtireachta); agus clár rannpháirtíochta poiblí a fhorbairt. |
| Taighde iomlán a dhéanamh ar Choimisinéirí na Sráideanna Leathana i mBaile Átha Cliath agus ar a mbailiúcháin i gCartlann Chathair Bhaile Átha Cliath agus é a fhoilsiú. |
| Decorative Plasterwork: the Dublin School c. 1745 – c. 1775 a scaipeadh agus treoirdhoiciméad um chaomhnú obair phlástair a tháirgeadh agus a fhoilsiú. |
| Leanúint ar aghaidh ag déanamh taighde agus ábhar a fhoilsiú ar thithe cathrach 18ú haois Bhaile Átha Cliath agus ar a gcónaitheoirí. |
| 'Built to Last: Energy Efficiency Renovation in Dublin Dwellings' a fhoilsiú agus tabhairt faoi thaighde nua cás-staidéar. |

| |
|---|
| Faoin tsraith tionscadal 'Built to Last' cothabháil éifeachtach leanúnach ar thithe stairiúla a chur chun cinn i bhfoirm bileoga sothuigthe. |
| Taighde cás-staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar an gcostas is tairbhe a bhaineann le hathchóiriú agus athúsáid oiriúnaitheach seachas scartáil agus atógáil le haghaidh tíopeolaíochtaí tógála i mbaol i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear ionaid adhartha agus foirgnimh oifige ó lár go deireadh an 20ú haois. |
| Treoirdhoiciméid chaomhnaithe gonta agus sainiúla do Bhaile Átha Cliath a tháirgeadh: saisfhuinneoga; bearta uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh; scéimeanna péint sheachtrach; freastal ar stóráil rothar, stóráil araidí, pointí luchtaithe gluaisteán i ngairdíní tosaigh; ábhair thógála 20ú haois lena n-áirítear coincréit, faensa, terracotta, agus vitrolite; cothabháil foirgneamh bliantúil bunúsach agus na scileanna tógála traidisiúnta a chleachtar i mBaile Átha Cliath a thaispeáint trí thionscnaimh éagsúla. |
| Treoirlínte poiblí éasca le húsáid a tháirgeadh maidir le conas iarratas a dhéanamh ar Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus ar scéimeanna deontais caomhnaithe Chiste na Struchtúr Stairiúil. |
| Suirbhé téamach ailtireachta a dhéanamh ar ionaid adhartha i mBaile Átha Cliath agus athbhreithniú ar chás-staidéir athúsáide oiriúnaitheacha. |
| Suirbhé téamach ar fhoirgnimh eachlainne ón 18ú agus 19ú haois agus lánaí eachlainne i gcathair Bhaile Átha Cliath. |
| Measúnú carachtar ailtireachta agus treoir chaomhnaithe do Marino le bheith ag teacht ag an am céanna leis an gcomóradh céad bliain. |
| Leanúint ar aghaidh leis an gcúrsa bliantúil FGL 'Conserve your Period Dublin House' le Cumann Seoirseach na hÉireann. |

| |
|---|
| Imscrúdú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha an athraithe aeráide ar sholáthar foirgneamh Bhaile Átha Cliath agus ar bhearta oiriúnaithe faoi stiúir caomhnaithe. |
| Plean Bainistíochta Caomhantais agus clár cothabhála caomhnaithe do Dhealbhóireacht Phoiblí stairiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath ag tabhairt tús áite d'oibreacha ar Shráid Uí Chonaill agus ar Fhaiche an Choláiste. |
| Plean Bainistíochta Caomhantais do dhroichid stairiúla na Life. |
| Tograí a fhorbairt le cur faoi bhráid an Tionscnaimh Bailte Stairiúla. |
| Na radhairc agus na sraithradhairc atá tábhachtach ó thaobh na staire de i mBaile Átha Cliath a aithint agus modheolaíocht a fhorbairt chun iad a mheas. |
| A bheith ag tacú le Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann - Sraith Bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath don Bhaile Gaelach/An Rinn agus Cill Mhaighneann/Inse Chór. |
| Tacú leis an taighde agus leis an obair allamuigh don imleabhar de Buildings of Ireland: Dublin Suburbs and County. |
| **OIDHREACHT CHULTÚRTHA** |
| Iniúchadh bonnlíne a dhéanamh ar bhailiúcháin stair béil a bhaineann le cathair Bhaile Átha Cliath chun bearnaí a aithint agus tacú le tionscnaimh nua stair béil atá bunaithe ar dhea-chleachtas. |
| Rochtain phoiblí ar Bhailiúchán an Mhúsaeim Chathartha trí thaighde agus trí thaispeántas. |
| Sainghrúpa oibre a bhunú chun forbairt Thionscadal Béaloidis Bhaile Átha Cliath Aiteach a threorú. |
| Leanúint ar aghaidh le Clár Léirmhínithe 'Dublin Through The Ages' do chomharsanachtaí fo-uirbeacha Bhaile Átha Cliath. |
| Suíomh gréasáin Oidhreacht Bhaile Átha Cliath a fhorbairt chun rochtain oscailte a sholáthar ar shuirbhéanna coimisiúnaithe agus ábhar taighde CCBÁC agus chun cumarsáid a dhéanamh faoi Oidhreacht Bhaile Átha Cliath. |
| Plean Léirmhínithe Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus tionscnaimh shonracha a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as teicneolaíocht ísealchostais atá cothrom le dáta agus ábhar clóite. |
| Conairí oidhreachta atá ann cheana a nuashonrú (i.e. Conair Malton) agus tacú le conairí nua a fhorbairt trí mhodhanna agus meáin éagsúla a úsáid. |
| Grinnstaidéar a dhéanamh ar naisc choilíneacha agus oidhreacht choilíneach chathair Bhaile Átha Cliath, trína bailiúcháin, sráidainmneacha, agus príomhphearsana stairiúla i stair Bhaile Átha Cliath. |
| Doiciméadú ar oidhreacht na bpobal nua i mBaile Átha Cliath. |
| Líonra Pobail Oidhreachta Bhaile Átha Cliath a bhunú chun eispéiris a roinnt agus rannpháirtíocht agus saoránacht ghníomhach a chothú. |
| Tionscadal a fhorbairt maidir le hoidhreacht Ghaeilge Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear sráidainmneacha agus béaloideas áitiúil |
| Oibriú le heagraíochtaí Lucht Siúil atá lonnaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath ar thionscadail faoi stiúir an phobail chun láithreáin champa thraidisiúnta a mhapáil agus a fhiosrú, chun teanga an Lucht Siúil chomh maith le traidisiún an Lucht Siúil maidir le leasainmneacha a thabhairt ar dhaoine a thuiscint agus a chur chun cinn. |


# 2. MODHEOLAÍOCHT LEIS AN bPLEAN SEO A CHUR LE CHÉILE

*Rosie Lynch, Stiúrthóir Cruthaitheach, Workhouse Union*

I samhradh 2021, chuir Oifig Oidhreachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tús le sraith meithleacha agus ceardlanna rannpháirtíochta pobail chun bonn eolais a chur faoi Phlean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 agus é a mhúnlú. Bhí Workhouse Union i gceannas ar an bpróiseas rannpháirtíochta leis an gcomhairleoir oidhreachta Eimear O'Connell agus Islander Architects. Is próisis ingearacha den chuid is mó iad beartais agus pleananna straitéiseacha agus ní bhíonn siad bunaithe chomh minic céanna ar rannpháirtíocht chothrománach. D'fhéach ár modheolaíocht chun an plean a tháirgeadh le cothromaíocht fhiúntach a bhaint amach idir an dá chur chuige sin; le heispéireas na ndaoine atá ag obair san earnáil oidhreachta leathan i mBaile Átha Cliath a thabhairt san áireamh in éineacht le rannpháirtíocht fhiúntach le pobail de réir suímh agus pobail spéise ar fud na cathrach.

Ba é Oifigeach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath, Charles Duggan, a chomhordaigh an próiseas ar an iomlán, agus fuair sé tacaíocht ó choiste stiúrtha comhghleacaithe ón Rannán Seandálaíochta, ón Rannán Caomhantais, ón Oifig Ealaíon agus ó Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, a bhfuil gach duine acu gafa go gníomhach le hoidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha na cathrach a bhainistiú agus a léirmhíniú.

I mí Aibreáin 2021, bunaíodh trí Mheitheal, comhdhéanta de speisialtóirí a bhfuil taithí éagsúil acu i dtrí cholún den tseandálaíocht, den ailtireacht agus den oidhreacht chultúrtha. San iomlán, tháinig 70 rannpháirtí - idir ghníomhaireachtaí stáit, chomhlachtaí poiblí, ollscoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus ghrúpaí sainleasa - le chéile i sraith d'Fhóraim Meithle dírithe ar dhréachtspriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a chur le chéile don Phlean Oidhreachta nua. Tháinig gach meitheal le chéile faoi dhó, agus ina dhiaidh sin bhí an tríú fóram agus an fóram deiridh a thug na trí ghrúpa le chéile chun peirspictíochtaí a roinnt agus a mhalartú. Mar gheall ar shrianta COVID -19, tionóladh na cruinnithe ar líne, agus bhí meascán de chuir i láthair, díospóireachtaí leathana agus comhráite idir grúpaí beaga níos lú.




Fótagrafaíocht © Brian Cregan Photography.

Chruthaigh Fóram a hAon comhthéacs agus doimhneacht maidir le gach colún, lena n-áirítear cur i láthair gairid ó oifigigh ghairmiúla ábhartha agus a thug am agus spás chun éisteacht leis an méid a bhí le rá ag gach rannpháirtí. Bhailigh Fóram a Dó peirspictíochtaí, dhírigh siad ar thosaíochtaí, agus chomhtháthaigh ábhair mhóra imní. Dá bharr sin, thosaigh téamaí trasnaí agus castacht an phlean ag teacht chun cinn. Tháinig na trí cholún le chéile i bhFóram a Trí agus cuireadh tús le hiniúchadh ar thionscadail chomhoibritheacha a d’fhéadfadh a bheith ann agus ag aithint conas tionchair na gCuspóirí Straitéiseacha a thomhas thar shaolré an Phlean. Bhí béim dáiríre sa díospóireacht deiridh seo ar an mbealach is fearr le leibhéil níos suntasaí comhtháthaithe a chothú ar fud na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúrtha. Theastaigh uainn tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir tacú le tionscadail idirdhisciplíneacha chasta agus iad a chur i bhfeidhm laistigh den phlean nua.

I mí Lúnasa 2021, reáchtáladh ceardlanna rannpháirtíochta pobail i gcúig chomharsanacht ar fud na cathrach. Chuir na ceardlanna trí cheist leathan:

- Cad iad na háiteanna agus na Spásanna is ansa leat?
- Conas a cheiliúrann tú d’oidhreacht áitiúil?
- Cad iad na scéalta agus stair a ndéantar dearmad orthu i do cheantar?

Roghnaigh CCBÁC na láithreacha allamuigh do na ceardlanna. Bhí siad á n-óstáil go háitiúil ag an rannóg leabharlainne i mBaile Formaid, agus ag Oifigí na bPáirceanna agus na gCeantar Áitiúil i gCill Mhaighneann, Baile Formaid, An Chúlóg, An Com, agus i bPáirc San Anna. Bhí 62 rannpháirtí san iomlán páirteach sna ceardlanna, rannpháirtithe idir 2 agus 90 bliain d’aois. Cinntíodh le smaointeoireacht agus aird gur cruthaíodh spás fáilteach agus gur thuig daoine go héasca conas a d’fhéadfaidís páirt a ghlacadh sna ceardlanna. Bhain cur chuige na ceardlainne úsáid as modhanna comhlántacha agus uirlisí cruthaitheacha éagsúla, lena n áirítear mapáil chomhoibríoch, comhrá agus earraí criadóireachta. Ar an iomlán, léirigh na rannpháirtithe an nasc domhain atá acu lena gcathair agus lena gcomharsanacht. Mar sin féin, bhí nádúr na cathrach atá ag athrú go tapa agus easpa comhairliúchán fiúntach áitiúil ina ábhar mór imní agus míshuaimhnis. Chuir na rannpháirtithe in iúl gur bhraith siad go raibh siad scoite amach agus díchumhachtaithe le luas agus nádúr na forbartha sa chathair. Go háirithe maidir le tithíocht. Go suntasach, is sa Chom ba mhó a bhí caidreamh le stair bheo le brath, áit a bhfuil sraitheanna na hoidhreachta tógtha agus sóisialta soiléir. Os a choinne sin, bhí sé níos casta caidreamh a bhunú le hoidhreacht chomharsanachtaí fo-uirbeacha, áit ar cuireadh in iúl go láidir í trí bhraistint láidir cheangail le hoidhreacht thionsclaíoch. Ba phribhléid mhór é am a chaitheamh sna comharsanachtaí seo agus tuiscint a fháil ar chastacht an mhórtais áite atá ag daoine faoin áit agus ar an ngean atá acu agus an imní atá orthu maidir leis an áit a bhfuil cónaí orthu.

Tar éis seisiúin an Fhóraim Meithle agus na ceardlanna pobail, bhí próiseas chun na cuspóirí atá ag teacht chun cinn a thuiscint, an chaoi a mbaineann siad le taithí laethúil agus an chaoi a n-oireann siad laistigh de chomhthéacs níos leithne an bheartais agus an mhaoinithe, mar bhonn eolais ag forbairt agus ag scríobh na cáipéise reatha.

Is é spreagadh an phlean ná go léiríonn sé ábhair imní agus mianta gach duine a thug a gcuid ama agus saineolais go flaithiúil chun an doiciméad seo a mhúnlú agus go mbeidh sé ina chatalaíoch do chomhpháirtíochtaí agus do chomhoibrithe amach anseo.




Dearadh póstaer © Paul Bokslag



Fótagraf © Ripley Photography.

# 3. LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE


| MEITHEAL SEANDÁLAÍOCHTA | |
|---|---|
| An Dochtúir Edel Breathnach | Monastic Ireland |
| An tOllamh Howard Clarke | Acadamh Ríoga na hÉireann/Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann |
| An Dochtúir Niall Colfer | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Seandálaíocht) |
| Tom Condit | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| An Dochtúir Steve Davis | COBÁC (Scoil na Seandálaíochta) |
| Ian Doyle | Acadamh Ríoga na hÉireann (Buanchoiste Seandálaíochta) |
| An tOllamh Seán Duffy | Cairde Bhaile Átha Cliath na Meánaoise |
| Sinead Gargan | Oifig na nOibreacha Poiblí (Séadchomharthaí Náisiúnta) |
| An Dochtúir Ruth Johnson | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Seandálaí Cathrach) |
| James Kyle | Institiúid Seandálaithe na hÉireann |
| Paul Mc Mahon | Cumann Oidhreachta Tionscail na hÉireann |
| Mary McDonald | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifigeach Caomhantais) |
| Franc Myles | Grúpa Seandálaíochta Iar-Mheánaoiseach na hÉireann |
| Donncha Ó Dúlaing | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Páirceanna) |
| Raghnall Ó Floinn | Seandálaí, Staraí |
| An Dochtúir Nessa O'Connor | Ard-Mhúsaem na hÉireann |
| An tOllamh Aidan O'Sullivan | COBÁC (Scoil na Seandálaíochta) |
| An Dochtúir Emer Purcell | OÉ (Tionscadal Ais Eabhrac agus Bhaile Átha Cliath) |
| Linzi Simpson | Seandálaí |
| Michael Stanley | Bonneagar Iompair Éireann |

| AN MHEITHEAL AILTIREACHTA | |
|---|---|
| Triona Byrne | An Cumann Um Fhoirgnimh Ársa a Chosaint |
| Stephen Coyne | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifig Cheantar an Lárdheiscirt / Liberties.ie) |
| An Dochtúir Philip Crowe | COBÁC (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Uirbigh - Institiúid an Domhain) |
| Willie Cumming | ICOMOS Ireland |
| An Dochtúir Sabrina Dekker | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide) |
| Audrey Farrell | Oifig na nOibreacha Poiblí (Tionscadail Idirmheánacha - Ailtireacht) |
| Emma Gilleece | Staraí Ailtireachta |
| An Dochtúir Lisa Godson | Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha |
| Emmeline Henderson | Cumann Seoirseach na hÉireann |
| Graham Hickey | Iontaobhas Cathartha Bhaile Átha Cliath |
| An Dochtúir Ruth Johnson | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Seandálaí Cathrach) |
| Deirdre Joyce | Comhairle Fhoirgnimh Ghlasa na hÉireann |
| Oiseen Kelly | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Rannán Ailtirí na Cathrach) |
| Niamh Kiernan | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin Caomhantais Gníomhach) |
| Jeanette Lowe | Jeanette Lowe Photography |

| | |
|---|---|
| Nicola Matthews | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Beartas Oidhreachta Ailtireachta) |
| Mary McDonald | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifigeach Caomhantais Ailtireachta Feidhmiúcháin) |
| Alan Mee | COBÁC (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Uirbigh) |
| Leslie Moore | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha) |
| Colm Murray | An Chomhairle Oidhreachta |
| An Dochtúir Elene Negussie | Bord Oidhreachta Náisiúnta na Sualainne (An Roinn Timpeallachta Cultúrtha) |
| Michael O'Boyle | Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (An Coiste um Fhoirgnimh Stairiúla) |
| Tomás O'Connor | Oifig na nOibreacha Poiblí (Tionscadail Idirmheánacha - Ailtireacht) |
| Blaithin Quinn | Foras Ailtireachta na hÉireann |
| Carl Raftery | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifigeach Taighde Caomhantais) |
| Susan Roundtree | Ailtire Caomhantais |
| Geraldine Walsh | Iontaobhas Cathartha Bhaile Átha Cliath |

| AN MHEITHEAL UM OIDHREACHT CHULTÚRTHA | |
|---|---|
| Tobi Balogun | Ealaíontóir |
| Ludovic Beaumont | Dublin City Council (Parks and Landscape Services) |
| An Dochtúir Joseph Brady | COBÁC (Scoil na Tíreolaíochta) |
| Iseult Dunne | Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Margarita Cappock | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifig Ealaíon) |
| An Dochtúir Arlene Crampsie | Líonra Stair Bhéil na hÉireann |
| William Derham | Oifig na nOibreacha Poiblí (Caisleán Bhaile Átha Cliath) |
| An Dochtúir Kelly Fitzgerald | COBÁC (Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis) |
| Róise Goan | Riarthóir Ealaíon. RA |
| Tommy Graham | History Ireland Magazine |
| An Dochtúir Lisa Griffith | Grúpa Taighde ar Stair Bhaile Átha Cliath |
| An Dochtúir Ruth Johnson | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Seandálaí Cathrach) |
| Lar Joye | Comhlacht Phort Bhaile Átha Cliath |
| Caoimhe McCabe | Ionad Pavee Point do Thaistealaithe agus na Romaigh |
| An Dochtúir Rosaleen McDonagh | Coimisinéir um Chearta an Duine, Drámadóir, Gníomhaí |
| Mary McDonald | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifigeach Caomhantais Cúnta) |
| An Dochtúir Ruth McManus | COBÁC (Scoil na Staire agus na Tíreolaíochta) |
| Ailbhe Murphy | Create Ireland |
| Brian O'Donnell | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| Gina O'Kelly | Cumann Músaem na hÉireann |
| An Dochtúir Ellen Rowley | COBÁC (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Uirbigh) |
| Brendan Teeling | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Leabharlann na Cathrach agus Cartlanna) |
| Mary-Liz Walshe | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Foireann na Treorach Réime maidir le hUisce) |
| Emily Wazack | Ealaíontóir |

| ÉASCÚ | |
|---|---|
| Charles Duggan | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Oifigeach Oidhreachta) |
| Niall Colfer | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Stephen Coyne | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Niamh Kiernan | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Rosie Lynch | Workhouse Union |
| Hannah Mc Cormick | Workhouse Union |
| Sinead Phelan | Workhouse Union |
| Eimear O'Connell | Comhairleoir Oidhreachta |




Fótagrafaíocht © Brian Cregan Photography.

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Chun dul i dteagmháil linn:

Oifig Oidhreachta Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
An Roinn Pleanála & Forbartha Maoine,
Bloc 3, Urlár 3, Oifigí na Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath, D08 RF3F.
Ríomhphost: heritage@dublincity.ie.

Is féidir teacht orainn chomh maith ar:
@Heritage_Dublin
@Heritage_Dublin
Oifig Oidhreachta Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath